Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9405/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0397(COD)**

**CODEC 1204**
**ELARG 58**
**COWEB 64**
**FIN 405**
**CADREFIN 90**
**ECOFIN 530**
**BUDGET 34**
**RESPR 14**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 9 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 212 agus 322(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 30 Eanáir 2024[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Aibreán 2024[3].

4. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle4.

[1] 15182/23 + ADD 1.
[2] 6353/24.
[3] Níor foilsíodh fós san IO í.
[4] 9317/24.

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Aibreán 2024, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE- CONS 80/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an Liotuáin agus an Ísiltír ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Iarrtar ar an gComhairle :

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 80/24 é, a fhormheas; agus

- an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo agus a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a fhormheas.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.